Ach ó thaobh fíos straitéiseach cheart áfach, ní raibh aon rud in 2012 chomh mór leis An Tóstal, a cheap agus a thionscain Fáilte Éireann. Cé gurb í 2013 bliain An Tóstail, is in 2012 a rinneadh an bhunobair ba thábhachtaí. Cibé ar ag bunú foireann tionscadail, ag forbairt féile d'imeachtaí fuinniúla nó freastal ar na cruinnithe pobail a reáchtáladh ar fud na tíre a bhí i gceist, dírfodh foireann Fháilte Éireann (chomh maith le hacmhainní suntasacha) chun a chinntíú go n-éireodh leis an tionscnamh.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 4,000 Tóstal Pobail eagraithe ar fud na tíre a bheadh mar bhunchloch d'fhéilire suntasach d'imeachtaí agus d'fhéilte. Go deimhin, tháinig deireadh spleodrach le 2012 nuair a d'fháiltigh Baile Átha Cliath roimh na mílte cuairteoir ó thar lear a tháinig chun ceiliúradh a dhéanamh ag Mór-Fhéile Oíche Chinn Bhliana agus chun túis a chur leis An Tóstal.

Ar leibhéal straitéiseach i gcás imeachtaí mar *An Tóstal*, ba léir toradh in 2012 ar obair Fháilte Éireann leis an Tascfhórsa Athshlánaithe Turasóireachta agus creidim sa bhfhdtéarma go mbeidh an tionchar a bheidh ag an Tascfhórsa ar chomhchéim leis An Tóstal. Foilsíodh straitéis an Tascfhórsa 'GB Path to Growth' in 2012 agus chuir sé seo dlús le forbairt mhór i



dturasóireacht na hÉireann. Don chéad uair, tháinig na príomhghníomhaithe sa turasóireacht le chéile chun aontú ar fhís do mhargadh na Breataine, ach chomh maith leis sin, agus rud atá chomh tábhachtach céanna, chun aontú ar phleán oibre soiléir agus praiticiúil. D'éiligh an straitéis seo go ndéanfaí athrú bunúsach ar an gcur chuige a fheidhmímid chun cur leis an lón cuairteoirí ón margadh is gaire dúinn.

Go bunúsach, táimid - de réir an léargas a thugtar sa straitéis - ag coimhlint laistigh den Bhreatain mar mhalaireart d'ionad 'saoire baile' agus is gá athrú suntasach a dhéanamh ar an meon atá againn maidir leis an gcaoi a ndíolaimid muid féin sa Bhreatain Mhór. Aithníonn an straitéis chomh maith na príomhchoda den mhargadh ar gá díriú orthu le fógrafocht shainiúil agus is dúshlán a bheidh anseo freisin don chur chuige ginearálta a bhí againn go dtí seo.

De bhí gur leanamar ag cruthú go dona ar Mhargadh na Breataine le linn 2012, agus gurbh shin ceist nach raibh aon duine ag iarráidh aghaidh a thabhairt uirthi, ní raibh tuarascáil chomh tráthúil riagh ná chomh riachtanach feidhmiú uirthi. Go deimhin, má éirinn linn an *GB Path to Growth* a fheidhmiú agus an margadh sin a chasadadh thart, sílim go mbreathnóimid siar ar 2012 mar an bliain ar shocraíomar deireadh a chur leis an meath agus margadh na Breataine a bhuachan ar ais.

Ba mhaith liom mo bhúiochas a chur in iúl don Aire lompair, Turasóireachta agus Spóirt Leo Varadkar, agus don Aire Stáit Michael Ring as ucht fócas a choinneáil go leanúnach ar an turasóireacht le linn 2012 ar fad. Ó tháinig an Rialtas in oifig in 2011, tá earnáil na turasóireachta i gcroílár chlár téarnaimh an gheilleagair. Leis an gcéad 'Tionscnamh Náisiúnta Fostaíochta' cuireadh ráta CBL níos ísle i bhfeidhm maidir leis na príomhsheirbhísí turasóireachta, rátaí níos ísle ÁSPC, scéim tarscaoilte víosa agus straitéis rochtana aerí. Cuireadh leis seo le *Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Poist* a tháinig ina dhiaidh sin agus a raibh tiomantas leanúnach ann do sheirbhísí agus d'infheistíocht turasóireachta. Lena chois sin, agus in ainneoin na gcúinsí dúshlánacha eacnamaíochta, chuir an Rialtas acmhainní breise suntasacha ar fáil don Tóstal. Anois is go bhfuil a gcuid gnólachtaí turasóireachta go mall ag dul ó bheith seasmhach go dtí a bheith ag fás, tá na bearta seo ag cur deis ar fáil chun sin a dhéanamh.

Thar ceann an Údarás, ba mhaith liom freisin mo bhúiochas a chur in iúl do Shaun Quinn agus a fhoireann ar fad i Fáilte Éireann as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht ag tacú leis an tionscal turasóireachta in 2012. I dtionscal a bhfuil 17,000 gnólacht - go leor acu ar gnóthais bheaga agus ar mheánmhéide iad nó ar micreathionscadail iad - is minic leis an earnáil turasóireachta a bheith scaipthe agus go leor tuairimí éagsúla a bheith le cloisteáil nuair a d'fhéadfáí fíos chomhaontaithe idir gach uile páirtí a bheith ann, rud a dhéanfadh leas. Mar a chonaiceamar le hobair an Tascfhórsa Athshláraithe Turasóireachta, nuair a thagann an tionscal le chéile is féidir torthaí deimhneacha a bhaint amach. Ba mhaith liom moladh a thabhairt don fhoireann ar fad in Fáilte Éireann a d'oirbhrigh i rith 2012 chun a leithéid d'fhócas, d'aidhmeanna aontaithe agus a leithéid sin de ghníomhaíocht a sholáthar.

Ar deireadh, ba bliain mhaith do thurasóireacht a bhí in 2012. Caithfear a rá go bhfuil go leor dúshlán amach romhainn go fóill agus cinnte ní féidir luí ar na maidí. Mar sin féin, creidim go bhfuilimid ag dul sa treo ceart. Thóg mé Cathaoirleacht ar Pháilte Éireann in 2008 agus cinnte bhí go leor deacrachaí ann ó shin. Bunaithe ar an gcaoi ar fheidhmíomar in 2012, táim sásta a rá go bhfuil mé féin, agus creidim go bhfuil tionscal turasóireachta na hÉireann níos dóchasaí agus níos mó misnígh againn ná mar a bhí le fada an lá.

Redmond O'Donoghue - Chathaoirligh

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

*"Ar deireadh, bhí lín mór bainisteoirí agus úinéirí tionscail rannpháirteach freisin in ár seirbhís meantóireachta gnó agus bhain tairbhe as meantóireacht airgeadais, straitéise agus margaíochta, agus d'fhág raon ceardlann nua go raibh ceannairí tionscail cothrom le dáta maidir le forbairtí agus réitigh ghnó."*



Shaun Quinn  
Príomh-Fheidhmeannach

## FEIDHMÍOCHT TURASÓIREACHTA

I meagán focal, ba bliain lán athruithe a bhí in 2012 do thionscal na turasóireachta. Tar éis ceithre bliana de chuínsí trádála thar a bheith dúshlánacha, thosaigh fócas na hearnála – agus imní formhór gnólachtaí – ag athrú ón teacht slán amháin chun díriú ar an bhfás in athuair. Dá réir, thosaigh obair Fáilte Ireland i rith na bliana ag díriú ar an riacthanas fás ionchasach sna margaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a aithint, agus díriú isteach orthu.

I rith 2012, d'fhág teacht isteach ón turasóireacht – comhchaiteachas turasóiri idirnáisiúnta agus Éireannaigh ar thuras anseo – gurbh ionann an teacht isteach iomlán ón turasóireacht agus €5.4 milliún measta. Den €5.4 milliún seo b'ionann ioncaim ó mhalaíteach eachtracha agus €4.0 milliún, nó 75%.

Ba léir an timpeallacht fheabhsaithe sa mhéid is go raibh líon na dturas go hÉirinn ó chuid mhaith dár margaí thar lear imithe suas ar 2011. Rinne margadh Mhór-roinn na hEorpa go rímhaithe agus ba é faoi ndear 36% den méid idirnáisiúnta. D'fheidhmigh an Ghearmáin go háirithe go láidir agus ardú 6% ar thuras. Mhéadaigh cuairteoirí ó Mheiriceá Thuaidh de 4% go dtí os cionn 900,000 sa tréimhse chéanna. Seo í an chéad uair ó thús an chúlaithe eacnamaíochta gur thaifead Éire breis agus aon mhilliún cuairteoir ón margadh seo. Mhéadaigh cuairteoirí ó mhargaí cianaistír eile freisin, de 7% in 2012, go dtí breis agus 375,000 cuairteoir isteach.

Tháinig ardú beag go dtí 6.3 milliún ar líon iomlán na gcuaireoirí thar lear agus ba é an laghdú 3% ar líon na gcuaireoirí ón mBreatain (ar ionann iad agus 43% de na cuairteoirí uile) an príomhfachtóir a chuir cosc ar mhéadú níos láidre ar an iomlán.

Threisigh an fheidhmíocht seo i margadh na Breataine in 2012 an gá le hathrú bunúsach agus riachtanach a dhéanamh ar an gcur chuige i leith an mhargaidh sin, agus dá bharr sin, thosaigh Fáilte Ireland, mar aon le Turasóireacht Éireann agus príompháirtithe leasmhara tionscail eile, ag obair trí thascfhórsa ar Athbheochan Turasóireachta, ar threoirphlean radacach nua do mhargadh na Breataine. D'eascair an tuarascáil ríthábhachtach 2012 'GB Path to Growth' as sino – a mhol cur chuige deighilte níos cliste i leith an mhargaidh sin bunaithe ar na hionchais is fearr agus ar na grúpaí déimeagrafacha a raibh an acmhainneacht is mó acu.

Sa mbaile, áirítear go ndearna 7.6 milliún cónaitheoir Éireannacha turais baile in 2012, laghdú beag ar 2011, le caiteachas measta de €1.3 billiún. Ba léir i rith 2012 go raibh an margadh baile tar éis teacht ar leibhéal seasta agus gur ón iasachta a thiocfaidh fás san earnáil sa todhchaí. Dá bharr sin, tosaíodh ag leathadh amach na ceachtanna agus an mhodheolaíocht ó 'GB Path to Growth' le hanailís a dhéanamh ar mhargaí eile thar lear le linn do Fáilte Ireland túis a chur le scrúdú a dhéanamh ar chur chuige níos deighilte a chur i bhfeidhm chun a aithint an raibh aon fhás ionchasach féideartha sa mhargadh baile.

Léiríodh líon na gcuaireoirí i rith 2012 i bhfeidhmíocht na hearnála cóiríochta. Is iad na hóstáin is fearr a rinne le bliain anuas agus méadú foriomlán ar an meánáitíocht go 60%, á dtiomáint go príomha ag feidhmíocht láidir i gceantair uirbeacha. Go suntasach, léirigh an méadú seo ar áitíocht éileamh iarbhír a bhí ag fás agus gnó breise mar nach raibh ach titim ar éigin ar stoc leapa. Cé go raibh cúinsí trádála dúshlánach i gcónaí d'earnálacha cóiríochta eile, ba dhea-thuar an téarnamh i roinnt mhaith óstán – go háirithe i mBaile Átha Cliath agus i gcinn scribe turasóireachta traidisiúnta – do chruthú post san earnáil.

Chuidigh laghdú Rialtais leanúnach ar rátaí CBL leis an bhfeidhmíocht seo, rud a d'fhág gur chreid custaiméirí i ngach margadh go raibh luach níos fearr ar fáil, le titim mhór ar chéatadán na gcuaireoirí a rátáil an luach ar airgead mar 'bocht' idir 2011 agus 2012. Léirigh 'Survey of Overseas Travelers' de chuid Fáilte Ireland an feabhas seo ar leibhéal sástachta – agus luach ar airgead san earnáil le brath ar chuaireoirí ó gach ceann de mhargaí thar lear na hÉireann. I limistéar an Euro is i measc cuairteoirí Iodálacha agus Francacha a bhí na leibhéal sástachta luach ar airgead ba mhó. I rith na bliana lean an treocheáin Ríocht Aontaithe uirthi ag feabhsú de réir mar a rátáil cuairteoirí Éire i dtéarmaí dearfacha maidir le luach ar airgead, suas go dtí 78% in 2012 (i gcomparáid le 69% in 2011).

Bhí sástacht custaiméara fhoriomlán le táirge turasóireachta na hÉireann ard i gcónaí sna laethanta dúshlánacha seo. Choinnigh naonúr agus deichniúr den lucht saoire thar lear orthu a rá go raibh Éire ag teacht lena gcuid ionchais nó gur sháraigh sí iad.



## TACÚ LE GNÓLACHTAÍ TURASÓIREACHTA I DTREO FÁIS

Tar éis roinnt blianta tráth a raibh an bhéim ar éifeachtúlacht, gearradh costais agus marthanás gnó, in 2012 dhírigh Fáilte Ireland a chuid infheistíochta i dtacaíochtaí gnó praiticiúla i dtreo béim níos mó ar na cúinsí sin a dhéanfadh fás todhchaí a sheachadadh i gcuairteoirí agus i lón daoine – go háirithe i ndíol thar lear agus ar líne. Faoi dheireadh na bliana fuair 4,000 fiontar turasóireachta tacaíochtaí saincheaptha do dhíolacháin agus margáiocht, do Ríomh-ghnó, agus do mhargaí custaiméara a thuiscent mar aon le cláir níos traidisiúnta dírithe ar thoradh agus ar bhrabús a uasmhéadú, ar mheantóireacht ghnó, ar shaineolas airgeadais agus ar tháirgíúlacht.

Tá clár *Sales Connect* de chuid Fáilte Ireland dírithe ar chuidiú le gnólachtaí turasóireachta na margáí ionchasacha thar lear is fearr a aithint agus a aimsiú mar aon le conas a seirbhísí a chur in oiriúint do na custaiméirí sin. Tá an clár *Sales Connect* ceaptha mar idirghabháil fhadtéarmach agus tugtar tacaíocht iomlán dó trí shraith ceardlann agus oiliúna. Bhain beagnach 700 ball den earnáil ghnó tairbhe dhíreach as *Sales Connect* in 2012.

Agus rud tábhachtach eile, tar éis foilsíú na tuarscála *GB Path to Growth*, b'fhócas ar leith í an Bhreatain Mhór den chlár *Sales Connect* do 2012. Forbraíodh sraith tacaíochtaí mar acmhainn do ghnólachtaí turasóireachta chun a gcumas féin don mhargadh GB a thuiscent go sonrach agus a fhás.

Anuas ar dhíriú ar na margáí sin leis an acmhainn is fearr, ní mór do ghnólachtaí turasóireachta atá sa tóir ar fhás, smacht a fháil ar an teicneolaíocht is deireanaí chun leibhéal méadaithe ranpháirtíochta le custaiméirí ionchasacha a fhorbairt. Maidir le Fáilte Ireland, is é an toradh a bhí air sin ná forbairt tionscnamh nua chun fiontar thurasóireachta bheaga agus ar mheánmhéisid a chumasú le iad féin a dhíol níos fearr ar líne, ábhar digiteach níos mó a chruthú don tionscail lena roinnt agus a úsáid agus teicneolaíocht cheannródaíoch a úsáid inár seirbhísí eolais turasóireachta féin.

Ní nach ionadh mar sin, go raibh forbairt scileanna margáiochta digiteacha ina fócas suntasach i rith

2012. Cuireadh raon tacaíochtaí digiteacha ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta móra agus ar mheánmhéisid, agus neartaíodh tacaíochtaí ar líne a bhí ann cheana chun cuidiú le fiontaí níos lú. Anuas air seo tugadh oiliúint dhigiteach agus uirlisí ar líne, mar sheimineáir Ghréasáin, isteach mar chainéal nuáláioch chun tacaíocht a sholáthar. Arís eile, cuireadh sraith de thacaíochtaí gréasáin saincheaptha ar fáil freisin chun an tionscnamh *GB Path to Growth* a chur i bhfeidhm.

Ar an iomlán, d'oibrigh Fáilte Ireland le 2,650 gnólacht agus pearsanra turasóireachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a láithreacht dhigiteach agus í a fheabhsú. Ba iad margáiocht dhigiteach, bainistiú cainéil agus cáil ar líne réimsí príomhfhócais don bliaín.

Ar deireadh, bhí lón mór bainisteoirí agus úinéirí tionscail rannpháirteach freisin in ár seirbhís meantóireachta gnó agus bhain tairbhe as meantóireacht airgeadais, straitéise agus margáiochta, agus d'fhág raon ceardlann nua go raibh ceannairí tionscail cothrom le dáta maidir le forbairtí agus réitigh ghnó.

## SAOTHAR, SCÍTH AGUS SPRAOI - NA HEARNÁLACHA COMHDHÁLACHA GNÓ AGUS FÓILLÍOCHTA A FHÁS

Agus an bhéim ag dul i méid ar acmhainn mhargaí thar lear chun móiminteam i dtreo fáis a choinneáil, d'oibrigh Fáilte Ireland i rith 2012 chun deiseanna a chruthú d'obreoirí turasóireachta san earnáil fóillfochta le bheith in ann díol go díreach le príomhghnómhaireachtaí taistil thar lear, leis na meáin agus le daoine nach iad agus spreagadh a thabhairt do lucht saoire teacht go HÉirinn.

I rith na bliana, chomhordaigh Fáilte Ireland clár sé mhórcheadlann trádála 'Meet-the-buyer'. In iomlán ghlac thart ar 937 gnólacht turasóireachta Éireannacha páirt sna ceardlanna seo chun bualadh le 455 príomhionadai trádála taistil idirnáisiúnta agus chun gnó a thabhairt chun críche leo –bhí beagnach 20,000 cruinniú duine ar dhuine réamhshocrutie de thoradh air seo agus deiseanna cur i láthair á ndéanamh do ghnólachtaí Éireannacha a bhí páirteach iontu. Thug an imeacht ba mhó, Meitheal, lón breá arís den trádáil thar lear agus gnólachtaí Éireannacha go Baile Átha Cliath don cheardlann dhá lá.



Thionólamar breis agus 44 cuairt taithíochta ar Éirinn ó 18 margadh, deis á tabhairt do bheiris agus 455 príomhgníomhaireachta taistil agus tionscnóirí turais ár dtáirge turasóireachta den scoth a bhlaisteadh ar an láthair. D'éirigh go háirithe le turais trádála grúpa tiomnaithe do ghníomhaíochtaí allamuiugh.

Chuir Fáilte Ireland fáilte freisin roimh roinnt scríbhneoirí taistil agus meán idirnáisiúnta a raibh tionchar acu agus bhí ina óstach dóibh sa chaoi go bhféadfaidís próifíliú a dhéanamh ar a gceann scribe dá bpobail idirnáisiúnta. Bhí Éire ina hóstach do bheagnach 1,350 ionadaí ó na meáin thar lear ó 18 thír, rud a ghín luach fógraíochta measta de €260m.

In iomlán, d'fhorbair Fáilte breis agus 500 cúrsa taistil saincheaptha do cheannaitheoirí agus do na meáin thar lear agus iad ar cuairt in Éirinn.

#### *Gnó Turasóireachta Idirnáisiúnta á Bhaint Amach d'Éirinn*

Ba scéal rathúil ar leith d'Éirinn na cuairteoirí gnó agus comhdhálacha idirnáisiúnta le blianta beaga anuas – agus ioncam suntasach do ghnólachtaí turasóireachta á ghiniúint ag toscáirí a chaitheann níos mó (i gcomparáid le lucht saoire). Lean Fáilte Ireland air ag infheistíocht go trom ina thuilleadh cruinnithe agus comhdhálacha idirnáisiúnta a aithint, a mhealladh agus a chinntíú d'Éirinn in 2012.

In 2012, reáchtáladh 237 comhdháil a thug 105,000 toscaire go hÉirinn agus toradh ioncaim de thart ar €148m do gheilleagar na hÉireann. Tugadh formhór na gcomhdhálacha seo (207) go hÉirinn le tacaíocht dhíreach ó Fáilte Ireland.

In earnálacha gnó, leighis agus eile d'earcaigh agus thacaigh Fáilte Ireland le 212 'ambasadóir comhdhála' ó Scéim Tacaíochta Airgeadais d'Ambasadóirí Comhdhála chun oibriú i measc a bpiarái agus tairiscint a chur isteach ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus Éire ina hóstach, rud a thug gnó comhdhála idirnáisiúnta nua go hÉirinn.

Chuir Fáilte Ireland ansin, ar a sheal, céatadán mór de na hambasadóirí seo in aithne do na Biúrónna Coinbhinsiúin thar lear agus do na heagráithe gairmiúla ábhartha, do na

láithreacha agus do na hóstáin chun a chinntíú go raibh an bhaill is fearr ar a dtairiscintí le dul san iomafocht. Ó thaobh giniúna gnó, léiríonn na hambasadóirí seo poitíeinseal do bheiris agus 128,000 toscaire agus ioncam ionchasach de €179m in iomlán.

Mar chuid de chomhtháthú Dublin Tourism le Fáilte Ireland, feidhmíonn Biúró Coinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath anois laistigh d'aonad turasóireachta gnó Fáilte Ireland agus leanfaidh sé le cur chun cinn Bhaile Átha Cliath mar cheann scribe mealtach do chomhdhálacha agus d'imeachtaí.

#### **ÉILEAMH BAILE A SPREAGADH**

D'ainneoin laghdú beag, bhí an margadh saoire baile ar cheann dár margáí ba mhó in 2012 agus, le leibhéal ghníomhaíochta tomholtóra sa mhargadh seo a choinneáil, leanamar orainn ag dul i mbun margáiochta go gníomhach don phobal baile – go háirithe tríd an bhfeachtas 'Fun Starts Here' ar léirigh taighde go raibh sé ag déanamh go maith agus go raibh ardleibhéal feasachta á seachadadh aige.

IN 2012, bhain an dianfheachtas margáiochta seo úsáid as meascán de mhargáiochta nuálaíoch agus meascán spleodrach d'fhéilte, d'imeachtaí agus do thairiscintí chun Éire a láidriú tuilleadh mar cheann scriibe corraitheach a thug le fios céard go díreach ar féidir a fháil as briseadh sa bhaile ó thaobh ceann scriibe, gníomhaíochtaí, agus áiteanna a thaitneodh le cuairteoirí, agus imeachtaí, agus ag cinniú ar feadh an ama go raibh an teachtaireacht 'luach ar airgead' láidir, ag cur cúrsaí eacnamaíochta reatha san áireamh. Agus ag teacht le treochtaí teicneolaíochta, leagadh béim níos mó ar líne leis an láithreán gréasáin tomholtóra DiscoverIreland.ie i gcroílár na fógraíochta go léir.

#### **RUDAÍ IS FÉIDIR A DHÉANAMH AGUS A FHEICEÁIL**

Comhlánaíodh ár n-iarrachtaí margáiochta arís trí feidhmiú clár a bhí mealtach agus dosháraithe d'fhéilte agus d'imeachtaí cultúrtha a chuir le tarraingt cuid mhaith de na háiteanna a mbíonn tóir ag turasóirí orthu mórrhimpeall na hÉireann. Már mhórurra, choinnigh Fáilte Ireland air ag infheistiú go trom i bhfélte agus in imeachtaí cultúrtha i rith 2012. Bronnadh €3.26m in



iomlán ar 229 féile i rith na bliana. Thacaigh ár gclár náisiúnta le 43 féile agus tacáodh le 186 tríd an gclár réigiúnach. Chaith Fáilte Ireland cuid mhór de 2012 ag ullmhú Féilire na bhFéilte chun tacú le 'An Tionól 2013'.

#### **Príomhimeachtaí Idirnáisiúnta**

Lean Fáilte Ireland ag tabhairt tacaíochta do phríomhimeachtaí spóirt idirnáisiúnta a raibh acmhainn turasóireachta iontu in 2012 lena n-áirítear Rás Aigéin Volvo a d'fhill ar Ghaillimh agus mórfhálte roimhe. Bhí an rás deiridh ar siúil i mí lúil agus craoladh é go dtí lucht féachana domhanda de 1.3 billiún. D'háiltigh sráideanna Bhaile Átha Cliath roimh mhórthaispeántas Formula 1, Bavaria City Racing agus bhain taitneamh freisin as teacht na Long Ard dá gcuairt dheiridh de shraith 2012.

#### **ACMHAINNEACHT ÁR gCEANN SCRÍBE A FHORBAIRT**

Is é an táirge atá lárnach in aon reic díolacháin, agus ar cheann de na príomhfhorbairtí i gcur chuige Fáilte Ireland chun mealltacht na hÉireann a fheabhsú bhí an tuiscint go dteastaíonn mealltachtaí agus taithíochtaí ar scála mór ón tir seo le cuairteoirí a mhealladh chugainn.

Choinnigh Fáilte Ireland air ag déanamh mór-infheistíochta i dtionscadail iocónacha i rith 2012 chun go mbeadh Éire ina hábhar ionchais níos mealltaí do chuaireoirí. Bhí tuilleadh infheistíochta caipítel i dtionscal na turasóireachta i gceist anseo ag díriú ar sé thionscadal ar mhórscála a faomhadh do thart ar €14m de chúniamh deontais faoin gClár Infheistíochta Caipítel Turasóireachta – lena n-áirítear Ceathrú Lochlannach Phort Láirge agus tionscadal Bhealach Chill Chainnigh.

Maidir le tionscadail scála, thosaigh Fáilte Ireland leis an bhforbairt ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' i rith 2012, an chéad chianbhealach tiomána téamach, agus reáchtáladh na chéad chrúinnithe comhairliúcháin i rith na bliana feadh chósta an larthair, mar chuid den chomhairliúchán poiblí sin. Ar an gcaoi chéanna sa phríomhchathair cuireadh tú le forbairt 'The Dubline', Bealach Fionnachtana cultúrtha Bhaile Átha Cliath in 2012 le maoiniú breis agus €4 milliún faigthe leis an tionscadal a thabhairt chun críche.

Mar aon le tionscadail ar mhórscála le samhlaíocht cuairteoirí a mhealladh, tuigeann láthair turasóireachta

cén chaoi le beocht a chur sna rudaí a thaitníonn leis na cuairteoirí atá acu cheama féin. Chun na críche seo ceapadh 'Sharing our Stories', scéim bheochana agus léirmhínithe in 2012 agus é d'aidhm aige cur le taithí an chuaireora ar Éirinn trí thacú le tionscadail nuálaíocha a thugann beocht dár n-oidhreacht agus dár gcultúr. Ar an gcaoi chéanna, ar bhonn píolótach, seoladh tionscnamh nua in 2012 le hacmhainn Chearnóg Mhuirfean a fhorbairt agus a bheochan mar cheann scríbe bríomhar cultúrtha agus áit a mbeadh tarraingt ag turasóirí uirthi. San áireamh sa chumas ardaitheach rathúil seo ar chultúr, ar oidhreacht agus ar riocht phoiblí bhí clár imeachtaí cultúrtha sceidealaithe go sonrach chun díriú air mar áit a gcaithféad dul ar cuairt ann, dírithe ar dhream náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ar thóir an chultúir.

Bhí oidhreacht shaibhir bia na hÉireann ina fócas in 2012 chomh maith agus béim mhéadaithe ar fhorbairt turasóireachta bia mar chuid d'eispéireas foriomlán an chuaireora agus chruthaigh ár dtionscnamh 'Food Champions', go háirithe, go han-mhaith agus chuir oibreoirí agus úinéirí bialanna suim ar leith ann agus ghlac páirt ann.

Ar deireadh, biónn forbairt ceann scríbe turasóireachta rathúla ag brath freisin ar ionchur agus ar rannpháirtíocht an phobail níos leithne. Dá réir, i rith 2012, le haitheantas a thabhairt do na pobail sin a raibh tiomantas agus síograis á léiriú acu do chur chun cinn na turasóireachta áitiúla, sheol Fáilte Ireland a chéad Gradam na mBailte Turasóireachta agus 46 iarratas acu ó bhailte ar fud na tíre. Is é An Caladh, Co. Chiarraí a bhain an duais agus bronnadh an gradam air ag searmanas i mBaile Átha Cliath.

#### **TAIGHDE AGUS LÉARGAS TURASÓIREACHTA**

In 2012 thug Fáilte Ireland raon staidéar agus tionscadal eile chun críche chun bonn fianaise-bhunaithe a sholáthar le bonn eolais a chur faoi thionscnaimh thurasóireachta agus treo na n-acmhainní don todhchaí.

Tar éis suirbhé ceann scríbe 2011 - a chuir anailís an-mhionsonraithe ar fáil ar fheidhmíocht thurasóireachta ag an leibhéal réigiúnach - rinneadh staidéar breise arís in 2012 a bhain go sonrach le tomhas sástachta lucht saoire le gnéithe éagsúla dá n-eispéireas saoire sna cinn scríbe réigiúnacha éagsúla.



Rinneadh tomhas leantach ar fheidhmíocht na n-earnálacha cóiríochta éagsúla i rith na bliana. Mar aon leis an bpróifíliú leantach ar thurasóirí baile trí shuirbhéanna náisiúnta, rinneadh próifíliú ar chuairteoirí thar lear ag na príomhaerfoirt agus calafoirt. Rinneadh rianú freisin ar eífeachtacht an fheachtais fhógraíochta baile. Rinneadh trí shraith dár Suirbhé Baraiméadair Turasóireachta, meon an tionscail á thomhas maidir leis an bhfeidhmíocht go dáta agus maidir leis na braistintí ar ionchais sa todhchaí.

Anuraidh sheachaid Rannán Taighde Fáilte Ireland roinnt tionscadal le bonn eolais a chur faoi thorthaí turasóireachta ar raon saincheisteanna. Áiríodh orthu sin:

- Doiciméad straitéis The *GB Path to Growth*
- Athbhreithniú ar fheidhmeanna turasóireachta Fhorbairt na Sionainne
- Dearthaí an tionscail a chur i láthair ar an gCoiste Comhairliúchán Creidmheasa Náisiúnta agus ar Ghrúpa na gComhlacthaí Státí ar SMEanna

## CONCLÚID

I rith 2012, bhog cuid mhór de thurasóireacht na hÉireann amach as an mbarda dianchúraim agus thosaigh den chéad uair le roinnt blianta, ag breathnú rompu amach ar an todhchaí agus ar an bhfás. Thug roinnt deiseanna eolas na slí maidir leis seo i rith na bliana.

D'ainneoin ábhair shoiléir imní amháin, is é sin laige leanúnach mhargadh na Breataine, bhí sracfhéachaint freisin ar dheis shuntasach in 2012. Tugann an fhiannaise le fios de réir mar a tháinig meath ar thurasóireacht na Breataine amach, le blianta beaga anuas, bhí méadú ar thurasóireacht baile laistigh den Bhreatain. Ach de réir mar a léirigh *GB Path to Growth* áfach, tá bail mhaith ar Éirinn le dul san iomaíocht le cinn scribe na Breataine mar Albain, Devon agus Corn na Breataine. Chun é seo a dhéanamh teastóidh aistriú radacach ó thaobh an chaoi a gcuirtear pacáiste turasóireachta na hÉireann le chéile agus a ndéantar margaocht air do chodanna sonraithe spriocdhírithe laistigh de mhargadh foriomlán na Breataine. Chuireamar túis leis an aistí sin i rith 2012.

Is í an deis eile arbh fhéidir a bhaint as gríosach 2012 ná an acmhainn sna margáí sin thar lear atá ag fás – go

príomha na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin agus an Fhrainc a bhfuil cál dhearach bunaithe ag Éirinn iontu cheana féin agus ar dócha a gcúinsí eacnamaíocha baile a bheith níos cuidithí don fhás. Má táimid le filleadh ar leibhéal inmharthana fáis turasóireachta beidh ar earnáil na turasóireachta béim níos mó a chur ar na margáí lárnacha seo agus infheistíocht níos mó a dhéanamh iontu.

Tá an deis dheiridh – a bhí níos soiléire ná riamh in 2012 – le fáil ar líne. Tá níos mó ná billiún ball ag Facebook anois ar a lónra agus cuirtear 400 milliún tvuít ar fáil in aghaidh an lae. Agus meastar go bhfuil líon na mblaganna ar an idirlón tar éis méadú faoina ceathair ó 2006 go dtí breis agus 180 milliún. Ní mór a rá go bhfuil úsáid na meán sóisialta tar éis teacht chun a bheith ina cuid lárnach de ghnáthamh daoine ó lá go lá, agus rud ar léir do chách beagnach, tabharfaidh an t-idirlón dúshlán bunúsach don turasóireacht – ní hamháin don chaoi a ndíolann sí í féin ach le meán mar AirBnB, tabharfar dúshlán nádúir a samhla cóiríochta féin.

Ach leis an dúshlán sin cuireann na meán shóisialta deiseanna eile ar fáil do ghnólacthaí turasóireachta chun foghlaim faoina gcustaiméirí agus chun rochtain a fháil ar níos mó díobh ná mar a fuarthas riamh cheana. Tuigeann obair Fáilte Ireland chun cuidiú le gnólacthaí gur tháinig fás ar an bpoitéinseal arís eile i rith 2012 – ag tógáil ar an oiliúint dhigiteach agus ar na tacaíochtaí a bhí á bhforbairt againn sna blianta deiridh – agus leanfar leis seo sna blianta atá le teacht.

Chun go dtiocfadh fás ar an turasóireacht ní mór don earnáil díriú go géar ar na deiseanna seo agus a n-uasacmhainneacht a bhaint astu. Beidh a ról á imirt ag Fáilte Ireland, mar an t-údarás forbartha turasóireachta náisiúnta, agus leanaimid orainn ag obair taobh le gnólacthaí turasóireachta ar fud na tíre ag cuidiú leo bheith iomaíoch i gcónaí; níos mó cuairteoirí a mhealladh; agus a n-áit féin a bhaint amach sna margáí sin agus na cainéil sin a úsáid a thairgeann na hionchais is fearr don fhás, do theacht isteach agus do jabanna.

Shaun Quinn - Príomhfheidhmeannach



# Turasóireacht 2012 *Bliain i bhFigíúirí*

## ■ An Tionscal Turasóireachta agus Fáilteachais

Fostaíodh meastar 185,000 duine  
Gineadh meastar €5.4 bn d'ioncam  
Fáiltíodh roimh 6.3 milliún cuairteoir ó thar  
lear, a chaith meastar €4.0bn.

## ■ An Margadh Baile

Rinneadh meastar 7.6 milliún turas baile, a  
ghin caiteachas meastar de €1.3bn

## ■ Rátáil Shástachta

Comhlíonadh nó sáraíodh 99% de thnútháin  
lucht saoire ó thar lear

Dúirt 66% den lucht saoire ó thar lear go  
molfaidís Éire go cinnte mar ionad saoire

Bhí 98% de lucht saoire na tíre seo sásta  
leis an tsaoire/briséadhbh gearr is deireanaí a  
bhí acu.

## ■ Infheistiú i bhforbairt turasóireachta

Fuair 6 thionscadal €14 m i ndeontais ó  
Fháilte Éireann

## ■ Tacaíochtaí Ghnó

Fuair 4,000 gnólacht turasóireachta  
tacaíocht shainiuil ó Fháilte Éireann in 2012

Chláraig 2,650 gnólacht turasóireachta  
lenár dtionscnamh ríomh-Ghnó

Chláraig 691 gnólacht turasóireachta don  
chlár Sales Connect

## ■ Turasóireacht Ghnó

Thug 237 comhdháil idirnáisiúnta níos mó ná  
105,000 toscaire ó thar lear go hÉirinn

B'fhiú €148 m na comhdhálacha seo do  
gheilleagar na hÉireann





Chaith na toscairí idirnáisiúnta ar an meán sé lá in Éirinn agus thaistil beagnach duine i ngach ceathrar le cairde nó lena dteaghlach ag gineadh luach breise ar an gcomhdháil idirnáisiúnta

Is é an luach iomlán a ríomhadh a bhain le gach toscaire a tháinig chuig comhdháil idirnáisiúnta in Éirinn ná idir €1,000 - €1,500

#### ■ Féilte agus Imeachtaí

Tugadh €3.26 m do 229 féile ar fud na hÉireann in 2012 - 43 imeacht maoinithe tríd an gClár Náisiúnta agus 186 tríd an gClár Réigiúnach.

#### ■ Ag cur na hÉireann chun cinn mar Láthair Thurasóireachta

Lean Feachtas Discover Ireland - "The Fun Starts Here" a chosain €3.4 m ar aghaidh in 2012 chun Éire a chur chun cinn i measc turasóirí baile.

Tugadh cuireadh do 1350 ionadaí ó na meáin idirnáisiúnta as 18 tír go hÉirinn in 2012 agus tá €260 milliún in EAV ginte aige seo go dáta.

Tharla beagnach 20,000 cruinníú gnó duine go duine idir 455 ceannaitheoir ó thar lear agus 937 soláthraí Éireannach le linn 6 cheardlann gnó Meet the Buyer in 2012.



# Ráiteas Corparáideach

## Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus aontaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin is airde rialachais corporáide agus cloíonn sé go háirithe le prionsabail infheidhmithe agus le treoirlínthe atá sainmhínithe sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlacthaí Stáit.

## Comhionannas

Is fostóir comhionannais deiseanna é Fáilte Éireann. Cuireann an eagraíocht i bhfeidhm an reachtaíocht comhionannais ar fad a bhaineann le hábhar.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh leas fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go beacht le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonnann an comhlacht forálacha an Acharta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

## Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá á athbhreithniú, fuair Fáilte Éireann 12 iarratas faoin reachtaíocht Shaoráil Faisnéise.

## Gníomhaíocht Oiliúna 2011 agus 2012

	<b>2011</b>	<b>2012</b>
<b>Clár Scileanna Fháilte Ireland</b>	36	0
<b>Cláir Tionscal-Bhunaithe</b>	13,719	15,394
<b>Cláir Coláiste-Bhunaithe</b>	1,851	1,600
<b>Iomlán</b>	<b>15,606</b>	<b>16,994</b>

# Comhaltaí an Údaráis 2012



Redmond O'Donoghue  
Cathaoirleach



Susan Bergin



Dr Mary Coveney



Oliver Daniels



Kevin Dundon



Marguerite Howley



Brian Hughes



Noel Kavanagh



Gina Murphy



Ciáran O Gaora



Catherine Reilly



Eithne Scott-Lennon



Frankie Sheahan


## Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe an Údaráis in 2012

Reáchtáil an tÚdarás náoi gcruiinniú le linn 2012.

Comhalta	lomlán	Comhalta	lomlán	Comhalta	lomlán
Redmond O'Donoghue	9	Marguerite Howley	3	Catherine Reilly	4
Susan Bergin	9	Brian Hughes	9	Eithne Scott Lennon	5
Mary Coveney	9	Noel Kavanagh	9	Frankie Sheahan	8
Oliver Daniels	9	Gina Murphy	8		
Kevin Dundon	8	Ciáran O Gaora	8		

# Struchtúr Ranna

Nollaig 2012



# Líon na Turasóireachta agus na Coimisinéirí loncaim 2010 - 2012

	uimhreacha (000s) (Revenue €mn)	2009	2010	2011 <sup>1</sup>	2012	% athrú 12 vs 11
An Bhreatain	Líon (000s)	3,034	2,759	2,799	2,722	-3
	(€mn)	1,035.8	879.4	858.3	857.9	n.c
Mórthír na hEorpa	Líon (000s))	2,323	2,011	2,184	2,247	+3
	(€mn)	1,348.0	1,133.9	1,110.8	1,060.5	-5
Meiriceá Thuaidh	Líon (000s)	920	864	904	940	+4
	(€mn)	724.6	695.1	677.4	745.7	+10
Tíortha Eile Thar Lear	Líon (000s)	301	311	353	378	+7
	(€mn)	311.3	290.4	272.8	291.6	+7
IOMLÁN CUAIRTEOIRÍ THAR LEAR	Líon (000s)	6,578	5,945	6,240	6,268	+1
Ioncam Thar Lear lomlán	(€mn)	3,419.7	2,998.8	2,919.4	2,955.8	+1
Turais Thuaisceart Éireann	Líon (000s)	n/a	n/a	1,416	1,264	-11
Ioncam Thuaisceart Éireann <sup>2</sup>	(€mn))	n/a	n/a	295.8	284.3	-4
Fáltais iompróir	(€mn)	524.0	580.0	626.0	767.0	+23
Thar Lear same lá Cuairteanna	(€mn)	27.0	25.0	36.0	34.0	-6
IOMLÁN FOREIGN EXCHANG EARNINGS <sup>4</sup>	(€mn)	3,970.7	3,603.8	3,877.2	4,041.1	+4
Turas Baile <sup>2</sup>	Líon (000s)	8,340	7,300	7,169	7,031	-2
loncaim Baile <sup>3</sup>	(€mn)	1,389.8	1,560.5	1,415.9	1,345.4	-5
IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN	(€mn)	5,360.5	5,164.3	5,293.1	5,386.5	+2

<sup>1</sup> Athbhreithnithe ag an Lár-oifig Staidrimh in 2013

<sup>2</sup> 2010 agus 2011 athbhreithnithe ag an Lár-Oifig Staidrimh in 2013

<sup>3</sup> 2010 agus 2011 athbhreithnithe ag an Lár-Oifig Staidrimh in 2013

<sup>4</sup> Tuilleamh airgid eachtraigh i 2009 agus 2010 ioncam ó chuairteoirí i dTuaisceart Éireann a eisiamh

Foinse: Lár-Oifig Staidrimh/NISRA/Fáilte Éireann

# Ráiteas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2012

Tharla go leor athruithe i Fáilte Éireann in 2012 - san áireamh an cumasc a rinneadh in Eanáir 2012 le Turasóireacht Bhaile Átha Cliath. Leathnaigh an cumasc seo cúram Fháilte Éireann agus d'ardaigh an lín foirne, na bhfoigneamh agus riachtanas fuinnimh na heagraíochta. Ag deireadh Eanáir 2012, bhí c.390 ar fhoireann Fháilte Éireann agus 50 foigneamh acu: san áireamh 7 bhfoigneamh os cionn 1000m<sup>2</sup> - 2 díobh ar struchtúir liostaithe/cosanta iad, (tá 10 bhfoigneamh le Fáilte Éireann liostaithe). Dá bharr sin, clúdaíonn éileamh fuinnimh na heagraíochta soláthar fuinnimh dár 8 n-oifig riacháin (san áireamh an Phríomhoifig i mBÁC), 35 Oifig Eolais Turasóireachta (TIO), 3 Mhúsaem agus 4 fhraigheamh eile.

In 2012, d'úsáid Fáilte Éireann 2,714 MWh leictreachais, ina raibh:

- 1,889 MWh leictreachais
- 825 MWh de bhrefosa iontaise, ina raibh 681.8 MWh de ghás nádúrtha, 12.2 MWh de LPG, 58.4 de Cheirisín agus 72.2 MWh d'Ola Gáis

Is 2,457 MWh an fuinneamh iomlán a d'úsáid Fáilte Éireann in 2011; léiríonn figiúirí 2012 ardú 10.5% ar úsáid fuinnimh san eagraíocht ó 2011 go 2012 ina raibh:

- 90 MWh níos lú leictreachais (laghdú 4.5% ar 2011)
- 347 MWh (72.6%) d'ardú i mbrefosa iontaise, san áireamh:
  - ardú 316.3 MWh i ngás nádúrtha (sin 86.5% d'ardú); bhain 235.8 MWh/75% den ardú le struchtúir mhóra (os cionn 1000m<sup>2</sup>) a bhíodh ag Turasóireacht Bhaile Átha Cliath a théamh agus atá liostaithe/cosanta agus bhain 17.1 MWh le oifig nua riacháin a théamh.
  - laghdú 38.8 MWh decrease in gasoil consumption (sábháil 35.5% ar 2011)
  - ardú 58.4 MWh in úsáid Ceirisíne (100% d'ardú a bhain le foirgnimh nua a théamh)
  - ardú 12.2 MWh MWh in úsáid gáis peitrilim leachtaithe (LPG) (ardú 100%), tar éis oibreachá

athshuimh ar láthair oidhreachta táimid anois réidh chun an láthair a théamh ar bhealach a choinneoidh na coinníollacha a theastaíonn.

## Gníomhaíochtaí in 2012

Le linn 2012, lean Fáilte Éireann ag cur béime ar thionscnaimh a bhí éifeachtúil agus a shábháil fuinneamh, go háirithe mar gheall go raibh go leor foigneamh eile curtha leis an réimse foigneamh a bhí againn. Ta roinnt de na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm féachaint le húsáid fuinnimh a laghdú amach anseo léirithe thíos:

- D'athraigh Fáilte Éireann 2 de na hoifigí riacháin réigiúnacha i R1 2012; ár n-oifigí san Iar-Dheisceart agus in Oirthear agus i Lártíre. Ag dul le S1 542 2009; ní thógfaidh comhlacthaí poiblí ar léas ach foigneamh a bhfuil Rátáil Fuinnimh Foirgnimh aige ar chomhcháim nó níos fearr ná B3 ó 1 Eanáir 2012. Chuidigh na rátálacha feabhsaithe BER a bhí le gach foigneamh le Fáilte Éireann lonnú i bhfoirgnimh a bhí níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh. Tá na sonraitugtha thíos:
- Fáilte Éireann An Iar-Dheisceart: Rátáil B2 (B3 a bhí ar Theastas Léirithe Fuinnimh an tseanfoirgnimh)
  - 98.5 MWh, fuinnimh a úsáideadh in 2011 san oifig riacháin (ag tógáil isteach TIO), 143 MWh fuinnimh a úsáideadh in 2012 san oifig nua riacháin agus an TIO. Cé go léiríonn sé seo 45.1% d'ardú in úsáid fuinnimh bhí sé fíorthábhachtach an dá sheirbhís a scardh agus dhá oifig a sholáthar chun timpeallacht oibre shábháilte agus shláintíúil a chur ar fáil don foireann ar fad.
- Fáilte Éireann An tOirthear & Lár-Tíre: Rátáil B2 (E2 an BER a bhí ag an seánfoigneamh)
  - 39.6 MWh, fuinnimh a úsáideadh in 2011 san oifig riacháin seo, 45.9 MWh fuinnimh a úsáideadh in 2012 san oifig nua riacháin agus chun an tseanoifig folamh (foigneamh liostaithe) a chothabháil, rud a léiríonn

# Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

ardú 6.4 MWh nó 16.1% chun an dá fhoirgneamh a choinneáil. Mar sin féin, nuair a bheidh an eagraíocht in ann fáil réidh leis an bhfoirgneamh liostaithe, d'fhéadfadh go mbeadh sábháil 17% ar úsáid fuinnimh i gcomparáid le figiúirí 2011 de bharr aistrithe chuig oifig nua.

- Rinne Fáilte Éireann uasghrádú ar 8 n-aonad trio-madóirí láimhe i leithris sa Phríomhóifig i Sráid Amiens trí aonaid níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh a chur ina n-áit; 650W aonad atá á n-úsáid anois in áit 2,500W aonad; ní thógann na 8 n-aonad a cuireadh isteach ach 10 soicind in áit 30 soicind chun lámha a thriomú - an toradh air sin ná go bhfuil an méid fuinnimh a úsáidtear gach uair a thriomaítear lámha laghdaithe ó 20.8W go 1.8W; cé go bhfuil sé dodhéanta an tsábháil chruinn a thomhas mar go mbraitheann sé ar leibhéal úsáide, tá na haonaid a cuireadh isteach 91% níos éifeachtúla ó thaobh úsáide fuinnimh.
- Le linn oibreacha athshuímh ag láthair oidhreadh Thúr Yeats, Thúr Baile Uí Laoigh, An Gort (de bharr damáiste mór tuilte) cuireadh isteach coire nua Compact HE (éifeachtúlacht ard) Combination Vokéra 35 KW LPG in áit an choire Vailant 35 KW LPG a bhí briste. Tá éifeachtúlacht shéasúrach suas go 90.1% ag an gcoire nua (rátáil SEDBUK).
- Córás téimh eile ar déanadh uasghrádú orthu in 2012 ná 11 téiteoir painéis 11 x 1.4 KW dimplex (le clog) a cuireadh isteach i Músaem Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath (foirgneamh liostaithe). Bhí na téiteoirí stórála a bhí ann roimhe sin idir 13 - 20 bliain d'aois.
- Rinne an Rannóg ICT comhdhlúthú ar 3 fhreastalaí fisiciúla (HP ProLiant DL360 G5) isteach go timpeallacht fhíorúil. Meastar go mbeidh sábháil bhliantúil fuinnimh de 18.4 MWh ón tionscadal seo. Cuidíonn an próiseas Fisiciúil-go-Fíorúil(P2V) freisin le laghdú ar úsáid AC inár seomraí freastalaithe mar go gciallaíonn níos lú inneall go bhfuil níos lú teasa á ghiniúint; níl gá leis an oiread fuarú. Ar an drochuaire, ní féidir an tsábháil seo a mheas.
- Rinneadh uasghradú ar 59 crua-earra ICT inár n-oifigí réigiúnacha ó Lenovo ThinkCentre M52 go Lenovo ThinkCentre M72E. Meastar gur é an difrócht bhliantúil fuinnimh a bheidh ann ná 239 KWh an ríomhaire, rud a shábhálfaidh 14.1 MWh leictreachais sa bhliain.
- Trí fheabhas a chur ar an gclár bainistithe cló sa Phríomhóifig i mBaile Átha Cliath, laghdú a dhéanamh ar an líon printéirí a úsáidtear agus fótachóipirí/printéirí ilfheidhmeacha a chur ag pointí lárnacha ar fud an fhoirgnimh, sábháladh 2.5 MWh leictreachais i rith na bliana.
- Éilíonn (Rial.EC 2037/2000) an AE go gcuirfí aonaid aerchóirithe atá níos oiriúnaí don timpeallacht in áit na n-aonad R22 faoi 2014; in 2012 d'athraigh Fáilte Éireann an córas A/C sa Bhoth Eolais Turasóireachta ar an bhFaiche Mhór i nGaillimh go aonad Mitsubishi 4KW R410A in áit an aonaid Haier R22 a bhí ann. Ní féidir an tsábháil chruinn MWh a mheas mar go mbraitheann sé ar leibhéal úsáide.

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2013

In 2013, tá sé d'uallmhian ag Fáilte Éireann laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidfimid agus leanúint ag cur feabhas ar ár bhfeidhmiúcháin/bhfeasacht fuinnimh. Tá súil againn é seo a dhéanamh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Tá sé i gceist ag an rannóg ICT 9 bhfreastalaí fisiciúla HP ProLiant a thógál amach as seirbhís roimh dheireadh 2013; 2 x DL380 G4, 2 x DL150 G3, 2 x DL360 G6, ML350 G4, DL140 G3 agus DL360 G5. Meastar go mbeidh sábháil fuinnimh 46.8 MWh sa bhliain ann trí na freastalaithe seo a thógál amach.
- Tá sé i gceist athnuachan a dhéanamh ar chrua-earraí ICT atá lonnaithe sna réigiún roimh dheireadh Ráithe 2 2013. Cuirfear 41 Lenovo ThinkCentre M52 in áit Lenovo ThinkCentre M72E. Meastar go mbeidh

# Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

sábháil fuinnimh 239 KWh an ríomhaire sa blhain leis seo, sin sábháil mheasta 9.8 MWh leictreachais sa blhain.

- Nuair a bheifear ag déanamh comhdhlúthú nó athchóiriú oifige in 2013, cuirfidh Fáilte Éireann i bhfeidhm clár fheabhsaithe do bhainistiú cló; is é an polasaí atá againn ná fótachóipre/printéir ilfheidhmeach B&W amháin a sholáthar in áit lárnach agus printéir daite amháin do gach oifig ar phlean oscailte (ag dul de réir an chleachtais is fearr mar atá sonraithe ag creat Seirbhís Bainistithe Cló na Seirbhise Náisiúnta Soláthair). Ní féidir a mheas faoi láthair cén sábháil fuinnimh a bheidh dá bharr mar go mbraitheann seo ar an lín gléasanna a bheidh díchurtha sa phróiseas comhdhlúthaithe.
- Faoin athchóiriú atá pleanálte don chéad urlár inár n-oifig i gCill Airne, beidh an chéad urlár ar fad ar phlean oscailte (ag cruthú éifeachtúlacht fuinnimh trí fáil réidh le hoifigí beaga), tá sé molta freisin go gcuirfí soilse PIR/Braiteoir sna leithris.
- De bharr ardú suntasach ar an méid ola a bhíomar a úsáid i gCill Airne (ó 50.9 MWh in 2011 go 72.2 MWh in 2012; ardú 41.8% ) rinneamar meastóireacht ar an gcóras teasa atá ann. Léiríodh gur coire ola éadrom a bhí ag freastal ar na ciorcaid uisce te agus teasa atá ann faoi láthair agus go bhfuil an coire seo ag meath go mór leis an aois agus gur gearr go mbeidh sé as úsáid ar fad. Tá an eilimint dóire sách nua; dóire ola Riello G10 rátálte ag 54-120kW le húsáid ola 4.5-10kg/u ch. Meastar gur ag 50% atá éifeachtúlacht an choire atá ann i gcomparáid le 80% sna coirí nua. Dá n-aistreomis go coire comhdhlúthaithe nua a úsáideann breosla gáis/LPG meastar go mbeadh an éifeachtúlacht os cionn 90%. Tá sé i gceist an coire nua a chur isteach i Samhradh 2013.
  - Tá uasghrádú molta do chóras CCTV Sráid Amiens - leis an uasghrádú ba chóir go mbeadh laghdú ar an lín gaireas a bhfuil gá leo (ag áireamh scóip, solúbthacht agus réimse na n-aonad nua)

agus go gcuirfear ceamaraí nua ata níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh in áit na n-aonad atá ann (tá cuid de na haonaid sin beagnach 20 bliain d'aois)

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na daingneáin soilse atá ann faoi láthair agus aonaid nua ardfhuinnimh a chur sna háiteanna ar féidir sin a dhéanamh; e.g. i Sráid Amiens tá 6 x 150W solas halagin uasdhírithe i seomra cruinnithe - tá sé i gceist againn lampáí CFL a chur ina n-áit seo in 2013 - ní úsáideann lampáí CFL ach 15% den fhuinneamh a úsáideann na lampáí halagin 150W.

- Cuirfear isteach aonaid soilse PIR/Braiteoir aon áit is féidir i bhfoirgneamh Shráid Amiens, i.e. leithris, stáisiúin caífé etc.; ní féidir a mheas cén sábháil fuinnimh a bheidh ann mar go mbraithfidh am soilsí ar lín na ndaoine agus ar sholas an lae (tá na braiteoirí atá molta bunaithe ar ghlúaiseacht agus leibhéal solais; i.e. má bhíonn dóthain solais lae san áit ní chasfaidh an daingneán solais air).

**“ Comhlánaíodh ár n-iarrachtaí  
margaíochta arís trí fheidhmiú clár a bhí  
mealltach agus dosháraithe d’fhéilte agus  
d’imeachtaí cultúrtha. ”**

# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012



# Ráiteas ar Freagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítéar ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastachán a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a noctadadh agus amhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntíú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrial-tachtaí agus iad a aimsiú.



Redmond O'Donoghue - Cathaoirleach



Mary Coveney - Comhalta Údaráis

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a hullmháodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas loncaim agus Caiteachais an Ghrúpa, Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta lomlán an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Údarás, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na notaí gaolmhara. Ullmháodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a phorordaítear faoi Alt 27 den Acht agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntí go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnótháí an Údarás ar a ioncam agus caiteachas agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntí.

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dheánamh do bhréithnuithe speisialta a ghabhann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirmáisiúnta maidir le hIníúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iníúchóirí de chuid an Bhóird Chleachtais Iníúchta ag an am céanna.

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na suimeanna agus na nochtáí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Údarás agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad.
- réasúnacht na mórmheastachán cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhair maidir leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhair dhealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuascáil.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údarás chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscíم trí eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach don iniúchadh faigte agam, nó
- le linn m'iniúchadh má tháinig aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe chun cinn nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdarás a rialafonn iad.
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údarás ag teacht leis na Ráitis Airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlacthaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil fadhbanna ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a rinneadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
30 Meitheamh, 2013

# Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Údarás aithním ár bhfreagracht a chinntíú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcoras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntíú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntíú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear leis:

- rioscaí agus cineál rioscaí a aithint
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleannanna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

